

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Ainm na scoile	Gaelcholáiste Reachrann
Seoladh na scoile	Bóthar Mhainistir Na Gráinsí Domhnach Míde Baile Atha Cliath 13
Uimhir rolla	76085N

Dáta na cigireachta: 07-12-2016



This report is written in English. An Irish translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i mBéarla. Tá aistriúchán Gaeilge den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

CAD IS MEASTÓIREACHT SCOILE UILE - BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACHT AGUS FOGHLAIM ANN?

Déanann Meastóireachtaí Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaíonn siad dea-chleachtas agus déanann siad moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar soláthar oideachais sa scoil.

CONAS AN TUAIRISC SEO A LÉAMH

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus rinne siad tuairisciú faoi na ceanteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht cheannaireacht agus bhainistíocht na scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Feidhmiú moltaí ó mheastóireachtaí roimhe sin
4. Próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an cumas d'fheabhsú scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Meastóireacht Scoile-Uile Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

GNÍOMHAÍOCHTAÍ CIGIREACHTA LE LINN NA CIGIREACHTA SEO

Dátaí na Cigireachta	5-7 Nollaig 2016
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">Cruinniú leis an mbord bainistíochtaCruinniú leis an bpríomhoide agus leis an leas-phríomhoideCruinniú/cruinnithe leis na príomhbhaill foirneCruinniú le hionadaithe tuismitheoirí	<ul style="list-style-type: none">Athbhreithniú ar cháipéisí ábharthaAnailís ar cheistneoirí tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoiríAgallamh le fócasghrúpa scoláiríBreathnóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaimScrúdú ar obair na scoláiríCaidreamh le scoláiríAiseolas don fhoireann bhainistíochta sinsearaí, don bhord bainistíochta agus do mhúinteoirí

COMHTHÉACS NA SCOILE

Bunaíodh Gaelcholáiste Reachrann i 2001 le 36 scoláire faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOACDL) agus Ardeaspag Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh an scoil de bharr éileamh ó thuismitheoirí i ngaelscoileanna oirthuaisceart na cathrach ar oideachas dara leibhéal lánGhaeilge. Tá cúig ghaelscoil friothálach ag Gaelcholáiste Reachrann. Tá fás as cuimse tagtha ar an scoil le blianta beaga anuas agus tá rollúchán reatha de 367 scoláire ann anois. Cuirtear na cláir seo a leanas ar fáil do phobal na scoile: an Teastas Sóisearach, Idirbhliain éigeantach agus an Ardeistiméireacht.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

CINNTÍ

- Tá an bord bainistíochta agus an príomhoide eolach go hiomlán faoina ndualgais reachtúla, déanann siad an scoil a bhainistiú go fíor-stuama le bunluachanna na scoile fréamhaithe sa chleachtas laethiúl lena n-áirítear úsáid na Gaeilge mar chroílár na scoile, atmaisféar measúil cuiditheach agus béim ar an léinn.
- Bhí cáilíocht foriomlán an teagaisc agus na foghlama an-ard ar an iomlán le cleachtas maith fiúntach i gcuid de na ceachtanna agus líon an-bheag ceachtanna a raibh scóip chun feabhais iontu; gné eile den teagasc agus foghlaim ar féidir a fheabhsú tuilleadh is ea an phleanáil ábhair.
- Bhí na príomhchinntí ó thuairiscí measúnaithe a rinneadh go dtí seo an-dearfach ar an iomlán; breathnaíodh fianaise le linn na meastóireachta seo go ndéantar gach iarracht aon mholtaí a chur i bhfeidhm go coinsiasach.
- Tá an próiseas féinmheastóireachta scoile faoi lánseol; tá acmhainn feabhsaithe na scoile ag leibhéal an-ard ar fad, cé go bhfuil roinnt oibre le déanamh fós ar leagan amach spriocanna intomhaiste chun an feabhsú scoile a threorú.
- Feidhmíonn an príomhoide mar cheannaire ionspioráideach agus déantar pobal na scoile a threorú, a aontú agus a chumasú ar bhealach tuisceannach le tacaíocht éifeachtach an phríomhoide tánaistigh.
- Tá obair cheannródaíoch déanta ag an mbainistíocht shinsearach maidir le cumasú na foirne sa Ghaeilge agus tá cáilíocht na ceannaireachta don fhoghlaim ar chaighdeán an-ard.

MOLTAÍ

- Is gá roinnt oibre a dhéanamh ar an bpleanáil ábhair in ábhair áirithe ionas go mbeadh na pleananna curaclaim leagtha amach ar bhealach comhtháite d'fhonn an obair a threorú agus dea-chleachtas a roinnt idir múinteoirí.
- Moltar spriocanna intomhaiste agus insroichte a leagan amach sa phlean feabhsúcháin a chuimsíonn straitéisí aontaithe litearthachta agus uimhearthachta.

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

1. CÁILÍOCHT CHEANNAIREACHT AGUS BHAINISTÍOCHT NA SCOILE

1.1 Úinéireacht agus bainistíocht na scoile

Feidhmíonn an bord bainistíochta ag leibhéal an-éifeachtach. Tá baill an bhoird tiomanta d'ardchaighdeán oideachas trí mheán na Gaeilge agus tá taithí na mblianta acu go léir ar chúrsaí oideachais agus cúrsaí gaeloideachais ach go háirithe. Feidhmíonn an bord go hiomlán trí Ghaeilge agus moltar na hiontaobhaithe as ionadaithe le Gaeilge a ainmniú d'fhonn é seo a dheimhniú. Tá an bord ar an eolas go hiomlán faoina ndualgais reachtúla, forbraíonn siad polasaithe soiléire a chuirtear i bhfeidhm. Coinnítear an bord ar an eolas faoi gach gné de shaol na scoile agus tugtar tacaíocht luachmhar agus treoir don bhainistíocht shinsearach. Tugtar spreagadh agus tacaíocht do bhaill foirne nua a bhfuil gá acu le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge trí íoc as réimse leathan gníomhaíochtaí foghlama faoi cheannaireacht an phríomhoide. Spreagtar baill foirne na scoile uile le tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Déantar anailís chuimsitheach ar thorthaí na scrúduithe stáit.

Na príomhthosaíochtaí atá aitheanta ag an mbord bainistíochta ná foirgneamh buan a chinntiú don scoil ar shuíomh atá buailte leis an suíomh reatha, athbhreithniú rialta ar pholasaithe, forbairt leanúnach ar theagasc agus foghlaim, forbairt leanúnach ar chomhtháthú modhanna múinte agus teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC). Dúshlán suntasach don bhainistíocht, don phríomhoide agus don scoil i gcoitinne is ea earcú múinteoirí cáilithe le Gaeilge líofa. Caitear a lán ama agus dua leis an ngné seo de riaradh na scoile. Déanann an bord agus an bhainistíocht shinsearach a ndícheall le cinntiú go gceaptar na múinteoirí is cáilithe agus is mó a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge acu. É sin ráite, bíonn tacaíocht leanúnach ag teastáil ó roinnt ball foirne nua le cinntiú gur féidir leo dul i ngleic le suíomh an ghaeloideachais.

Bíonn an bhainistíocht shinsearach gníomhach i gcumainn ghairmiúla do cheannairí scoile ag leibhéal áitiúla agus náisiúnta agus léirigh siad foghlaim ón gcuidreamh sin ina gcleachtas.

Tá coiste tuismitheoirí láidir gníomhach i bhfeidhm sa scoil a dhéanann iarrachtaí fóna pobal scaipthe na scoile a tharraingt le chéile trí ócáidí sóisialta a eagrú agus tacaíocht a thabhairt ag ócáidí uile scoile, oícheanta eolais san áireamh. Léirigh coiste na dtuismitheoirí an-spéis i gcúrsaí oideachais agus i gcur chun cinn na scoile. Idir comhráit le tuismitheoirí agus trí iniúchadh ar fhreagraí ó cheistneoirí a dáileadh le linn na meastóireachta, léiríodh leibhéal ard sástachta leis an scoil. Tugadh suntas ar leith, le linn na meastóireachta, don teacht le chéile sóisialta idir an bord, coiste na dtuismitheoirí, comhairle na scoláirí agus baill foirne. Ba léiriú é ar an dea-chaidreamh idir na páirtithe leasmhara i bpobal na scoile.

1.2 Éifeachtacht na ceannaireachta don fhoghlaim

Bhí cáilíocht na ceannaireachta le moladh go hard. Oibríonn an príomhoide mar cheannaire ionspioráideach le tacaíocht éifeachtach ón bpríomhoide tánaisteach. Oibríonn an bheirt acu go díograiseach mar fhoireann bhainistíochta éifeachtach. Tá scileanna comhlántacha ag an mbeirt a chuireann ar a gcumas an scoil a bhainistiú ar bhealach tuisceannach agus spreagúil. Tá ionchais arda ag an mbainistíocht shinsearach don fhoireann agus do na scoláirí. Tá teacht go héasca ag pobal na scoile ar an bpríomhoide agus an príomhoide tánaisteach nuair is gá. Le linn na meastóireachta bhí an bhainistíocht shinsearach feiceálach go laethiúl i dtimpeallacht na scoile.

Tá trí phost mar phríomhoidí cúnta sa scoil. Feidhmíonn an triúr príomhoide cúnta mar chóras meánbhainistíochta éifeachtach le dualgais mar oide bliana le haghaidh dhá bhliainghrúpa ag gach duine acu. Tá ról láidir bainistíochta ag comhairle na bainistíochta, a chuimsíonn an bhainistíocht shinsearach agus an triúr príomhoide cúnta. Bíonn cruinnithe rialta ag comhairle na bainistíochta, cleachtas atá le moladh. Tá oide ranga i gceannas ar gach rang agus tá dlúthchaidreamh idir na hoidí ranga agus na príomhoidí cúnta ar cheisteanna a bhaineann le dul chun cinn iomlán na scoláirí.

Tá riail na Gaeilge chun tosaigh sa scoil agus in imeachtaí uile scoile. Tá ionchais arda ag an mbainistíocht shinsearach maidir le hiompar teanga na scoláirí ar láithreán na scoile. Bhí fianaise láidir le breathnú le linn na meastóireachta go bhfuil an riail sin á cur i bhfeidhm go héifeachtach. Is láidreacht scoile í seo.

Bíonn deacrachtaí leanúnacha ag an mbainistíocht teacht ar mhúinteoirí atá láncháilithe agus inniúil ar an Gaeilge. Déantar sár-iarrachtaí an tacaíocht chuí a chur ar fáil do mhúinteoirí nuacheaptha. Déantar a lán iarrachtaí chun an fhoireann ina hiomláine a spreagadh agus a chumasú maidir le cruinneas na Gaeilge a chinntiú. Tá ról ceannródaíoch glactha ag an bpríomhoide sa réimse seo trí ranganna ar leith a chur ar fáil don fhoireann agus cúrsaí breise oiliúna do mhúinteoirí nuacheaptha. Is obair leanúnach í seo. Tugtar ardmholadh don obair a rinneadh go dáta. Is gá, áfach, plé a éascú i measc na foirne ar na bealaí is fearr leis an eolas ó na ranganna seo a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs phlean litearthachta Gaeilge na scoile.

Spreagann an bhainistíocht shinsearach rannpháirtíocht sa bhforbairt ghairmiúil leanúnach mar bhealach éifeachtach chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú. Tá cáilíochtaí breise bainte amach ag roinnt ball foirne agus tá daoine eile i mbun cúrsaí éagsúla faoi láthair. Tá na múinteoirí oscailte agus tiomanta don phróiseas féinmheastóireachta agus don fheabhsú scoile. Aithníonn siad an luach a bhaineann leis an gcumas foirne uile a thógáil agus roinneann siad a saintaithí le múinteoirí eile sa scoil mar ghnáthnós.

Bhí idirchaidreamh an-dearfach le breathnú idir na baill foirne agus idir an bhainistíocht shinsearach agus na múinteoirí. Is láidreacht scoile í an dea-atmaisféar oibre agus foghlama atá le brath i dtimpeallacht na scoile.

Tá caighdeán na pleanála ag leibhéal idir maith agus inghlactha. Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch do ghníomhaíochtaí foghlama laistigh de na réimsí ábhar agus cuireadh scéimeanna oibre. Tá gá le breis forbartha ar chuid de na pleananna ábhair le cinntiú go bhfuil an phleanáil curaclaim déanta ar bhealach comhtháite. Moltar go mbeadh sonraí sa phleanáil faoi thopaicí agus téamaí, modhanna múinte, acmhainní teagasc an TFC san áireamh, difreáil agus modhanna measúnaithe, chun cabhrú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh don teagasc agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ag deireadh na bliana.

Tá cáilíocht na tacaíochta do scoláirí le moladh go hard. Tá próiseas aistrithe an-mhaith i bhfeidhm idir an chúig ghaelscoil friothálach agus Gaelcholáiste Reachrann agus tá teagmháil leanúnach idir na scoileanna sin agus an bhainistíocht shinsearach. Tógtar na scoláirí céadbhlíana ar thuras eachtraíochta ag tús na bliana ionas go gcuirfeadh gach duine aithne ar a chéile. Tá sáraithe ag foireann na scoile ar gach uile scoláire. Léirigh fianaise ó na ceistneoirí agus ón agallamh le scoláirí le linn na meastóireachta go bhfuiltear sásta leis an leibhéal tacaíochta agus caighdeán oideachais atá ar fáil. Luaigh scoláirí frustrachas áirithe faoin deacracht teacht ar mhúinteoirí le Gaeilge líofa ó am go chéile. Luadh go sonrath an dea-atmaisféar atá i réim sa scoil agus an caidreamh pearsanta idir na scoláirí agus an fhoireann. Is léir gur láidreachtaí scoile iad seo.

Tá an soláthar cuí ann do mhúineadh Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte agus do mhúineadh Oideachas Gnéasachta agus Caidrimh. Bíonn na hoidí ranga, na hoidí bliana, an séiplíneach agus an bhainistíocht shinsearach freagrach as tréadchúram. Anuas ar sin, cuirtear rang ar leith ar fáil ar an tráthchlár don tréadchúram gach seachtain do gach bliainghrúpa. Cé go moltar an bhéim a leagtar ar thréadchúram agus ar fhorbairt iomlán an scoláire, ní mór clár cinnte teagaisc a leagan amach i scríbhinn d'fhonn an leas is fearr a bhaint as an soláthar breise seo. Ba cheart go gcabhródh clár scríofa do gach bliainghrúpa le cur chuige aontaithe a chinntiú.

Cuirtear curaclam leathan ar fáil. Bhí fianaise le feiceáil agus le cloisteáil le linn na meastóireachta go bhfuil an clár Idirbhliana sa scoil taitneamhach agus tairbheach. Cuirtear rogha leathan eispéiris agus turais ar fáil do scoláirí le linn na bliana sin. Bhí tuismitheoirí agus scoláirí araon thar a bheith dearfach faoina dtaithe ar an gclár. Déantar gach iarracht freastal ar mhianta agus ar riachtanais uile na scoláirí mar a bhaineann sé le rogha ábhar don tsraith shinsearach.

Tá soláthar treoirghairme agus comhairleoireachta á chur ar fáil faoi láthair ag foinsí inmheánacha agus seachtracha, de bharr go bhfuil an múinteoir buan ar shos gairme. Tá gach iarracht á dhéanamh freastal ar riachtanais uile na scoláirí sna réimsí seo.

Léiríonn na múinteoirí dílseacht agus tiomantas nach beag don scoil agus do na scoláirí tríd an réimse imeachtaí eischuraclaim lena n-áirítear cúrsaí spóirt, drámaíochta, ceoil agus díospóireachta. Is liosta le háireamh é liosta gaiscí na scoile sna réimsí seo agus tugtar ardmholadh don obair seo a thacaíonn le forbairt iomláin an scoláire agus réiteach don saol.

Thug údarais na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile.

1.3 Bainistíocht ar áiseanna

Tá an scoil suite i sciathán d'fhoirgneamh ceangailte le scoil eile chomh maith le réimse de sheomraí réamhdhéanta. Tá dúshlán shuntasacha ag baint le foirgneamh reatha na scoile. É sin ráite, baineann bainistíocht agus foireann na scoile an leas is fearr gur féidir leo as an bhfoirgneamh. Is scoil dhigiteach í Gaelcholáiste Reachrann agus baintear leas an-mhaith as na háiseanna TFC atá ar fáil le linn ceachtanna agus cur chun le heispéireas foghlama na scoláirí. Úsáideann na scoláirí táibléid sna ranganna sa tsraith shóisearach; baineadh úsáid éifeachtach fhóna astu le linn ceachtanna a breathnaíodh. Cruthaíodh timpeallacht foghlama éifeachtach agus spreagúil i gcuid mhaith de na seomraí ranga ar tugadh cuairt orthu. Tá leabharlann le réimse leathan leabhar curtha le chéile i gceann de na seomraí ranga. Is áis luachmhar í seo don scoil agus obair mhór curtha isteach ann, cé go mbaineann deacrachtaí áirithe le rochtain ar an seomra.

2. CÁILÍOCHT AN TEAGAIS AGUS NA FOGHLAMA

2.1 Cáilíocht an teagais agus na foghlama

Bhí cáilíocht an teagais agus na foghlama an-mhaith ar an iomlán. Breathnaíodh cleachtas a bhí ar cháilíocht an-ard agus cleachtas a bhí fiúntach agus éifeachtach. I mionlach ceachtanna breathnaíodh cleachtas a bhí oiriúnach agus inghlactha ach a raibh roinnt scóipe chun feabhais i gceist. Tugadh cuairt ar 23 ceacht trasna réimse ábhair agus bliainghrúpaí agus trasna an trí chlár sa scoil.

Tugadh spriocanna foghlama ag tús formhór mór na gceachtanna agus chuathas siar ar na spriocanna sin ar bhealach éifeachtach chun foghlaim a mheas i líon beag ceachtanna. B'fhiú an dea-chleachtas sin a leathnú chuig ranganna eile. Bhí úsáid na sprioctheanga mar theanga mhúinte agus bhainistíochta ag leibhéal an-mhaith i bhformhór mór na gceachtanna. Sna háiteanna ina raibh gá le feabhas sa réimse seo is múinteoirí nuacheaptha a bhí i gceist. Bhíodar seo ag teacht isteach ar chóras na scoile le tacaíocht leanúnach ó bhainistíocht agus ó fhoireann na scoile.

Bhí an fhoghlaim ghníomhach lárnach i dtromlach na gceachtanna agus baineadh úsáid éifeachtach as obair bheirte agus obair ghrúpa chun scoláirí a spreagadh le bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama féin. Baineadh úsáid freisin as réimse leathan modheolaíochtaí teagaisc. Chabhraigh úsáid gearrthóga físe le hábhar na gceachtanna a chur i gcomhthéacs do scoláirí. Chiallaigh na cuir chuige seo go raibh luas maith le formhór na gceachtanna agus ba léir gur bhain scoláirí taitneamh as a gcuid foghlama.

Baintear úsáid as gléasanna táibléad sna ranganna sa tsraith shóisearach. Chiallaigh úsáid na dtáibléad agus úsáid áiseanna TFC na scoile, clár bhána idirghníomhacha san áireamh, go raibh úsáid na nuatheicneolaíochta chun tosaigh sa teagasc agus san fhoghlaim i roinnt mhaith ceachtanna a breathnaíodh. Baineadh úsáid as TFC mar uirlis chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun ábhar ceachtanna a chur i gcomhthéacs. D'fhéadfadh líon an-bheag ceachtanna a bheith níos éifeachtaí dá mbainfí úsáid as TFC. Ar an iomlán, is láidreacht scoile í úsáid na nuatheicneolaíochta.

Breathnaíodh úsáid straitéisí measúnú chun foghlama i roinnt ceachtanna a chuir go mór le héifeacht na foghlama do scoláirí. Breathnaíodh chomh maith réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht chriticiúil, cur i láthair ó scoláirí, piarmheasúnú agus straitéisí ilghnéitheacha eile chun foghlaim a mheas agus deacrachtaí a léiriú. Moltar na cuir chuige seo go mór. I líon beag ceachtanna braitheadh go raibh gá le dúshlán níos mó a chur roimh scoláirí áirithe. Moltar go mbeadh difreáil lárnach i bpleanáil na múinteoirí ag tógaint san áireamh gur ranganna ilchumais measctha atá i gceist sa scoil.

Bhí fianaise le breathnú le linn na meastóireachta go dtugtar agus go gceartaítear obair bhaile na scoláirí go rialta. Bhí aiseolas foirimtheach an-mhaith le feiceáil i gcóipleabhair ar an iomlán, ach le roinnt scóipe chun feabhais i mionlach ceachtanna.

Tugadh suntas d'úsáid léaráidí ábhartha sothuigte maithe i gceachtanna áirithe, cuid acu a taispeánadh le cabhair TFC, agus moltar obair na múinteoirí ina leith seo. Is fiú go mór a chinntiú go mbaintear úsáid as ábhar comhaimseartha taitneamhach sna ceachtanna d'fhonn spéis na scoláirí a mhúscailt sa bhfoghlaim.

Bhí úsáid na sprioctheanga sna ceachtanna teanga ag leibhéal an-mhaith. Lorgaíodh abairtí iomlána ó scoláirí mar fhreagraí ar cheisteanna, dea-chleachtas atá le moladh. Bhí gá le cleachtadh ar fhocail agus ar fhrasaí nua i gcásanna áirithe. Rinneadh tagairt i líon beag ceachtanna d'fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta agus d'úsáid cheart eochairfhocal. Moltar go ndíreofaí aird go sonrach ar fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta i gceachtanna d'fhonn feasacht na

scoláirí a leathnú sna réimsí foghlama seo. Chun tacú leis an aidhm seo moltar go mór go mbeadh an leabharlann ar fáil do na scoláirí go léir sa scoil d'fhonn a gcuid taithí léitheoireachta a leathnú agus chun tacú le scileanna litearthachta go ginearálta. Déantar léitheoireacht bhreise sa Ghaeilge i mbliainghrúpaí áirithe agus moltar é seo. Tugadh an aird chuí ar chruinneas na Gaeilge i gceachtanna áirithe, ach bhí scóip chun feabhais i gcásanna áirithe. I gcomhthéacs an ghlaoidreachais is den riachtanas é go mbeadh tuiscint agus cur amach ag scoláirí ar thábhacht chruinneas na Gaeilge trasna an churaclaim. Chuige sin ní mór do gach múinteoir sa scoil freagracht phearsanta a ghlacadh maidir le múineadh agus ceartú na gramadaí i gcomhthéacs le linn ceachtanna.

Tugadh suntas don dea-chaidreamh idir scoláirí agus na múinteoirí. Bhí na scoláirí spreagtha chun foghlama, i gcásanna áirithe baineadh úsáid éifeachtach as an ngreann chomh maith.

3. FEIDHMIÚ MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE SIN

3.1 Bainistíocht

Breathnaíodh fianaise le linn na meastóireachta go dtéann an bhainistíocht shinsearach agus na múinteoirí i ngleic go coinsiasch le moltaí ó chigireachtaí ábhair. Rinneadh trí chigireacht ábhair sa scoil, sa Mhatamaitic, sa Cheol agus sa Bhéarla. Ar an iomlán, bhí torthaí na meastóireachtaí sin thar a bheith dearfach. Ní raibh aon mholtaí ag eascair as na cigireachtaí ábhair a bhain go sonrach le bainistíocht na scoile. Mar sin féin, cinntíonn an bhainistíocht shinsearach go gcuirfear pobal na scoile ar an eolas faoi na cigireachtaí ábhair agus na torthaí. Tugtar am do mhúinteoirí chun plé a dhéanamh ar na moltaí agus chun iad a chur i bhfeidhm.

3.2 Foghlaim agus teagasc

Bhain na moltaí i leith teagaisc agus na foghlama go príomha le haiseolas foirmitheach a thabhairt don obair bhaile, forbairt na pleanála comhoibríoch i measc múinteoirí agus forbairt ceisteanna ardoird i gcásanna áirithe. Breathnaíodh go raibh dul chun cinn déanta maidir le haiseolas foirmitheach a thabhairt cé go raibh beagán scóipe chun feabhais i líon an-teoranta cásanna. Rinneadh a lán oibre ar na pleananna ábhair a cuireadh ar fáil le linn na meastóireachta agus moltar an obair sin, ach is féidir gnéithe den phleanáil a fheabhsú tuilleadh. Bhain ceistiúchán dúshlánach ard-oird le go leor de na ceachtanna a breathnaíodh ach ba gá níos mó dúshlán a chur roimh scoláirí i mionlach ceachtanna.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS ACMHAINN FEABHSAITHE NA SCOILE

Tá an próiseas féinmheastóireachta scoile faoi lánseol sa scoil agus tá cáilíocht mhaith fhiúntach ag baint leis. Rinneadh a lán réamhullmhúcháin agus bhí plé leanúnach faoin bpróiseas i measc bhainistíocht na scoile, an bord san áireamh, agus i measc na foirne. Tá oscailteacht inmholta i measc na bainistíochta agus na foirne don phróiseas agus don fheabhsú scoile i gcoitinne. Breathnaíodh le linn na meastóireachta go bhfuil acmhainn feabhsaithe na scoile ar fheabhas.

Aguisín

Freagra na scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Fáiltíonn an Bord Bainistíocht agus pobal uile na scoile roimh an tuairisc dhearfach, mholtach ar an gcigireacht a tharla i nGaelcholáiste Reachrann i Mí na Nollag, 2016.

Táimid iontach sásta agus an-bhródúil as an ard-chaighdeán atá á bhaint amach againn i ngach gné de shaol na scoile agus táimid fíor-bhuíoch gur aithníodh an sár-obair atá ar siúl sa scoil.

Ina theannta sin, táimid fíor-bhuíoch don tacaíocht agus don chomhairle a cuireadh ar fáil le linn na cigireachta. Is mór an chabhair iad na moltaí go léir agus cuirfear i bhfeidhm iad go coinsiasach agus go críochnúil.

Ba mhaith linn tréaslú le daltaí, foireann agus tuismitheoirí/caomhnóirí na scoile agus buíochas ó chroí a ghabháil leo as ucht na dílseachta agus an tiomantais don scoil a léiríonn siad i gcónaí agus as ucht na hoscailteachta a léiríonn siad don fheabhsú scoile.

Leanfaidh pobal uile Gaelcholáiste Reachrann ar aghaidh ag déanamh gach gur féidir leo leis an scoil a fheabhsú, a neartú agus a chur chun cinn.

Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Cuirfear na moltaí ar fad ón tuairisc i bhfeidhm go coinsiasach agus go críochnúil.

CONTANAM CÁILÍOCHTA NA CIGIREACHTA

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a mbaineann cigirí feidhm aisti nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear An-mhaith áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo bíonn an cháilíocht ar a ndearnadh meastóireacht thar cionn agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeán soláthair.	An-mhaith ; ar cháilíocht an-ard; an-éifeachtach; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard; Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasach; thar barr
Go maith	Úsáidtear Go maith áit ina bhfuil níos mó láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh leis an gcaighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith ; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear Sásúil áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá díreach níos mó láidreachtaí a ndéantar meastóireacht orthu ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian leis na taithí foghlama agus ba chóir dul i ngleic leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil ; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear Measartha áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha , laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith chomh sásúil sin; deacrachtaí ann; níor mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear Lag áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag ; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas atá suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Whole School Evaluation
Management, Leadership and Learning

Ainm na scoile / School name	Gaelcholáiste Reachrann
Seoladh na scoile / School address	Bóthar Mhainistir Na Gráinsí Domhnach Míde Baile Atha Cliath 13
Uimhir rolla / Roll number	76085N



WHAT IS A WHOLE-SCHOOL EVALUATION – MANAGEMENT, LEADERSHIP AND LEARNING?

Whole-School Evaluations – Management, Leadership and Learning report on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. They affirm good practice and make recommendations, where appropriate, to aid the further development of the subject in the school.

HOW TO READ THIS REPORT

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

1. Quality of school leadership and management
2. Quality of teaching and learning
3. Implementation of recommendations from previous evaluations
4. The school's self-evaluation process and capacity for school improvement

